# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# ANNUAL REPORT

# 2017

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

# THE LABOUR COURT

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

**Arna cur faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946**

# RÁITEAS MISIN NA CÚIRTE OIBREACHAIS

*“Socruithe ardchaighdeáin, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus cinntiúchán a dhéanamh ar achomhairc i ndíospóidí bunaithe ar an dlí fostaíochta”*

**CLÁR ÁBHAR**

**Leathanach**

| | |
|---|---|
| **Brollach an Chathaoirligh** | **5** |
| **Comhaltaí na Cúirte Oibreachais in 2017** | **11** |
| **Ceannlínte 2017** | **12** |
| **Léargas Ginearálta ar 2017** | **13** |
| *Cásanna a atreoraíodh* | **14** |
| *Cásanna a Tugadh chun Críche* | **16** |
| *Éisteachtaí* | **17** |
| **Cásanna roimh an gCúirt in 2017** | |
| *Cásanna Caidrimh Thionsclaíoch* | **18** |
| *Cásanna maidir le Dífhostú Éagórach* | **20** |
| *Cásanna Comhionannais* | **22** |
| *Cásanna um Eagrú Ama Oibre* | **24** |
| *Cásanna maidir le Téarmaí Fostaíochta* | **25** |
| *Cásanna um Íoc Pá* | **27** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)* | **29** |
| *Cásanna maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | **31** |
| *Cásanna maidir le Pá Íosta Náisiúnta* | **33** |
| *Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)* | **35** |
| *Cásanna maidir le hÍocaíocht Iomarcaíochta* | **37** |
| *Cásanna maidir le Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta* | **39** |
| *Cásanna Eile Achomhairc a atreoraíodh chuig an gCúirt* | **41** |
| *Cásanna Eile Achomhairc a thug an Chúirt chun críche* | **42** |
| **An Treocht Cúig Bliana in Atreoruithe Díospóide** | **43** |
| **An Timpeallacht Chaidrimh Thionsclaíoch in 2017** | **44** |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | |
| *Comhchoistí Oibreachais* | **45** |

*Comhaontuithe Cláraithe Fostaíochta agus Orduithe Fostaíochta Earnála* **46**

*Comhchomhairlí Tionsclaíocha* **46**

**Seirbhísí Tacaíochta** **48**

**Aguisíní** **50**

Aguisín 1 - Atreoruithe a Fuarthas in 2017 **50**

Aguisín 2 - Cásanna a Tugadh chun Críche in 2017 **55**

Aguisín 3 - Comhchomhairlí Tionsclaíocha **60**

Aguisín 4 - Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais **61**

Aguisín 5 - Struchtúr na Cúirte Oibreachais **64**

Aguisín 6 - Breis faisnéise **66**

Aguisín 7 - Tuarascáil Airgeadais 2017 **67**

Aguisín 8 - Clár Oibre na Cúirte Oibreachais 2017 **68**

## BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH

Brollach le Tuarascáil Bhliantúil 2017 (Meitheamh 2018)

**Léargas Ginearálta**

Tá an Chúirt Oibreachais, mar eagraíocht ar a bhfuil dhá 'éadan', ina hinstitiúid nach mór go hiomlán uathúil go domhanda i gcomhthéacs socruithe atá cistithe ag an Stát chun díospóidí a réiteach idir fostóirí agus oibrithe. Ar thaobh amháin den phingin, sholáthair an Chúirt, ó 1946 ar aghaidh, seirbhís caidrimh thionsclaíoch inar féidir díospóidí nár éirigh leis na páirtithe a réiteach iad féin nó le cabhair ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, a atreorú chuig an gCúirt go dtabharfar 'tuairim' orthu i bhfoirm Mholadh na Cúirte nach bhfuil ceangailteach ar na páirtithe. Ar leith uaidh sin, ó Dheireadh Fómhair 2015, is í an Chúirt an comhlacht aonair achomhairc do gach gearán a dhéantar faoi chorp an dlí fostaíochta. Bronnann an ról sin feidhmeanna ceangailteacha cinnteoireachta ar an gCúirt sa dlí. Is féidir cinntí siúd na Cúirte a achomharc ar phointe dlí leis an Ard-Chúirt ach is críochnaitheach agus in-fheidhmithe na cinntí siúd seachas sin.

Tugann an Chúirt faoin dúshlán a shárú a bhaineann leis na feidhmeanna seo a sholáthar ar bhealach inniúil agus saineolach. Mar gheall ar an uaillmhian sin, tá ar an gCúirt a thaispeáint go bhfuil cur amach agus tuiscint aici ar bheatha chaidrimh thionsclaíoch na tíre anuas ar fhíor-thuiscint ar fheidhmiú an chomhchaidirimh i bhfostaíochtaí Éireannacha. Anuas air sin, caithfidh an Chúirt ardleibhéal inniúlachta a sholáthar agus a léiriú i limistéar an dlí fostaíochta.

Cruthaíonn an dá dhúshlán seo tiomantas do chomhaltaí aonair na Cúirte chun foghlaim agus chun tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach, i dtaobh an dlí, faoi mar a thagann sé chun cinn agus caidreamh tionsclaíoch agus fostaíochta a chur ar bun, faoi mar a thagann forbairt orthu. Baineann comhaltaí aonair na Cúirte leas as a gcúlra de shaineolas sa dlí agus i gcaidreamh tionsclaíoch agus cuireann siad leis an taithí dhomhain sin trí sheimineáir agus plé atá faoi stiúir saineolaithe agus cláir staidéir agus foghlama a sholáthraítear go seachtrach.

Léiríonn sé luach agus rath na Cúirte go nglactar le tromlach mór a Moltaí caidrimh thionsclaíoch go saorálach ag na páirtithe d'ainneoin go raibh easaontú i gceist a fhad leis an

gCúirt. Ar an gcuma chéanna, rinne obair na Cúirte i ndíospóidí cearta fostaíochta leibhéal an-bheag d'achomharc leis an Ard-Chúirt ar phointí dlí nó athbhreithniú breithiúnach a eascraíonn as a cinntí. In aghaidh na mbeart siúd, is féidir a mhaíomh go cothrom go leanann an Chúirt le seirbhís ardchaighdeáin neamhchlaonta a sholáthar a fhreastalaíonn ar fhíor-riachtanais oibrithe agus fostóirí agus a n-ionadaithe, Ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí ina measc. Croíthiomantas den Chúirt Oibreachais is ea go leanfaidh sí le bheith ábhartha agus oiriúnach i gcónaí do riachtanais fostóirí, oibrithe agus an gheilleagair i gcoitinn, trí thiomantas do shármhaitheas sa chinnteoireacht agus seirbhís neamhchlaonta a sholáthar.

Sa mhéid go raibh sé ina uaillmhian den Acht Caidrimh Thionscail, 2015 chun seirbhís 'den chéad scoth' a sholáthar, is féidir a aithint gur sciath chosanta dár gcóras réitigh díospóide caidrimh thionsclaíoch 'den chéad scoth' i gcónaí atá i gcreat idir-réitigh díospóide caidrimh thionsclaíoch institiúide an CCÁO agus san atreorú chuig an gCúirt, nuair is gá. Is i limistéar na ndíospóidí a thagann chun solais faoi chorp an dlí fostaíochta, áfach, is mó ar tugadh an t-athrú ba mhó ann ar an mbonneagar réitigh díospóide ag eascairt as Acht 2015. Mar gheall go bhfuil na hamfhrámaí a ghlacann sé ar úsáideoirí chun críochnaitheacht a bhaint amach ina ndíospóidí atá bunaithe ar chearta fostaíochta i bhfad níos lú ná mar a ghlac sé roimhe seo, tugtar le fios go soiléir go bhfuil an uaillmhian chun seirbhís 'den chéad scoth' a sholáthar d'fhostóirí agus oibrithe á baint amach. Thacaigh rátaí ísle achomhairc leis an gCúirt agus rátaí ísle d'achomharc ar aghaidh chuig an Ard-Chúirt ní ba mhó leis an áitiú gur bhain an bonneagar athchóirithe mórathrú amach sa cháilíocht seirbhíse a sholáthraítear don phobal.

Thug an Chúirt Oibreachais borradh faoi deara ar achomhairc a rinneadh léi ar chinntí a rinne Oifigigh Bhreithnithe faoin dlí fostaíochta i ndiaidh gur ritheadh Acht 2015. Tá laghdú 399 in 2015 anuas go dtí 711 in 2017 tagtha ar na hachomhairc siúd. Léirigh an méadú seo ar líonta achomharc go raibh na modhanna go léir chun achomharc a dhéanamh á dtabhairt le chéile chun bealach amháin chun achomharc a dhéanamh díobh, leis an gCúirt Oibreachais, seachas aon treocht atá ag teacht chun cinn de dhíospóireacht mhéadaithe idir fostóirí agus oibrithe a eascraíonn as cearta fostaíochta faoin dlí.

Is eol don Chúirt Oibreachais an gá atá le cabhrú le húsáideoirí agus úsáideoirí féideartha a thuiscint gur comhlachtaí reachtúla ar leith iad an Chúirt Oibreachais agus an CCÁO a bhfuil róil

ar leith acu le comhlíonadh feadh an bhealaigh a fhad le díospóidí fostaíochta a réiteach. Cuireann an tuiscint sin barr feabhais ar éifeachtúlacht an bhealaigh iomláin réitigh díospóide institiúide.

I gcás díospóidí caidrimh thionsclaíoch, is ríthábhachtach dár gcóras deonach caidrimh thionsclaíoch go dtuigeann agus go dtacaíonn na páirtithe leasmhara go léir le coincheap na Cúirte Oibreachais mar "Cúirt na rogha deiridh". Tá an coincheap seo mar ghné a bhuntacaíonn le córas a sholáthraíonn idir-réiteach a dtagtar air go saorálach agus atá ar fáil gan srian a sholáthraíonn foireann shaineolach an CCÁO mar iarracht chun cabhrú le páirtithe a ndíospóidí a réiteach. Ní thugann páirtithe a n-aird ar atreorú féideartha saorálach dá ndíospóid chuig an gCúirt Oibreachais le haghaidh tuairim neamhcheangailteach ach nuair nár eascair comhaontú. Ní hionann an Chúirt agus an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ní bhaineann fiúntas leis an tuairim a thugann an Chúirt i ndiaidh go n-atreoraíonn an Coimisiún idir-réiteach ach nuair a chaitheann na páirtithe leis an tuairim sin mar phróiseas ar leith agus neamhspleách ó obair na bpáirtithe ag seirbhís idir-réitigh an Choimisiúin.

Ar an gcuma chéanna, is sa Chúirt is féidir cinntí a dhéanann seirbhís bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre a achomharc faoin dlí. Ceist ríthábhachtach dlí é nach mbíonn aon chaidreamh idir an Chúirt agus an seirbhís bhreithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Buntacaíonn an dlí le hidirscaradh an dá chomhlachta.

### Amscála d'Éisteachtaí

B'ionann an t-amscála, ar an meán, chun éisteachtaí na Cúirte Oibreachais i mBaile Átha Cliath a sceidealú agus 13 seachtaine ó dháta an achomhairc nó an atreoraithe. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, b'ionann é agus 16 seachtaine ó dháta an achomhairc nó an atreoraithe in 2017. Is ionann an difríocht in amanna feithimh, cé gur beag difríocht a bhíonn eatarthu, agus iarmhairt thiomantas na Cúirte Oibreachais do chláir éisteachta a fhoirmiú taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a mbaineann ualaí oibre cuí leo agus, mar thoradh air sin, a bhaineann luach optamach ar airgead amach. Gné den phróiseas lena mbaineann éisteachtaí na Cúirte Oibreachais a shocrú is ea go mbíonn an ráta iarratais ar athló a dhéanann páirtithe i ndiaidh gur sceidealaigh an chúirt éisteacht mar phríomhchúis leis an moill a bhíonn ar éisteachtaí a chur ar siúl. Lean an Chúirt,

mar iarracht chun déileáil leis an toisc seo agus ar mhaithe le seirbhís éifeachtúil a sholáthar don phobal, ar aghaidh lena beartas gan cásanna a chur siar ach faoi na cúinsí is éisceachtúla in 2017. Leanfaidh an Chúirt ag díriú ar an tsaincheist seo in 2018.

Oibríonn an Chúirt i leith sprice chun moltaí a eisiúint i gcásanna Caidrimh Thionsclaíoch laistigh de thrí seachtaine i ndiaidh go dtugtar an éisteacht chun críche agus laistigh de 6 seachtaine i gcásanna maidir le cearta fostaíochta. Baineadh na spriocanna seo amach in 85% de na cásanna in 2017.

### Líon na nAtreoruithe

In 2017, fuair an Chúirt 1,093 atreorú faoi na reachtanna éagsúla laistigh dá dlínse. Cuirtear seo i gcomparáid le 1,121 a fuarthas in 2016 agus is ionann agus laghdú 2% é ar atreoruithe i gcomparáid le 2016. Tháinig laghdú anuas ó 402 in 2016 go 382 in 2017 ar an leibhéal atreoruithe i gcásanna caidrimh thionsclaíoch, arb ionann sin agus laghdú 5% laghdú ar fhigiúirí 2016. Ba bheag athrú a tháinig, áfach, ar an leibhéal atreoraithe i gcásanna cearta fostaíochta ó leibhéal 2016, faoi mar a luaitear thuas agus bhí na rátaí i bhfad ní ba mhó ná rátaí 2015.

D'imir na hathruithe a rinne an tAcht Caidrimh Thionscail, 2015 tionchar suntasach ar phróifíl na gcásanna a bhí á dtabhairt chun na Cúirte. In 2017, b'ionann an chomhréir d'atreoruithe a rinneadh leis an gCúirt a bhí bunaithe ar chearta fostaíochta agus 65% - níorbh ionann seo agus an chomhréir a bhí i gceist in 2015 nuair b'ionann an chomhréir d'atreoruithe díospóidí faoi chaidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta agus 50:50 caol díreach. Meastar go leanfaidh an treocht seo ina ndéantar tromlach na n-achomharc a atreorú chuig an gCúirt a thagann chun solais i limistéar na gceart fostaíochta agus d'fhéadfadh borradh teacht air amach anseo.

Caithfear a thabhairt chun airde, áfach, gurb ionann atreoruithe faoi chearta fostaíochta, go príomha, agus díospóidí a dhéanann difear do dhaoine aonair singil agus is gnách go mbíonn líonta an-suntasacha d'oibrithe in atreorú amháin i gceist le díospóidí comhchoiteanna i limistéar an chaidrimh thionsclaíoch. Go bunúsach, imríonn obair na Cúirte i limistéar an chaidrimh thionsclaíoch an tionchar is fairsinge ar fud an gheilleagair, gan aird ar an bpatrún atreoraithe chuig an gCúirt i dtaobh cearta fostaíochta in aghaidh caidreamh tionsclaíoch.

## Léargas Ginearálta ar Chaidreamh Tionsclaíoch

Cuirtear i gcuntas sa tuarascáil seo in áiteanna eile leibhéal leanúnach íseal de ghníomhaíocht díospóide tionsclaíche sa gheilleagar. Is ionann seo, i dtuairim na Cúirte Oibreachais, agus léiriú ar chumas oibrithe agus a n-ionadaithe agus a bhfostóirí agus a gCeardchumainn ionadaíocha chun oibriú as lámh a chéile go cuiditheach chun díospóidí a réiteach agus, sa chás gur gá, chun brath ar institiúidí an Stáit, an Chúirt Oibreachais ina measc, chun teacht ar réiteach nuair nach n-éiríonn le hoibriú as lámh a chéile.

I rith na bliana, dhéileáil an Chúirt le líon díospóidí lenar bhain éilimh ag ceardchumainn ar mhéaduithe ar phá. Rinneadh na héilimh seo i gcoinne chúlra an fheabhsaithe choibhneasta sa gheilleagar, go ginearálta, agus ar chúinsí geilleagracha agus tráchtála go leor fostaíochta. Ba é an cur chuige lenar ghlac an Chúirt ná méaduithe ar phá a mholadh sa chás go raibh údar leis seo agus go raibh seo inbhuanaithe, agus aird ar chúinsí na bhfostaíochtaí a bhí i gceist agus neart an cháis a cuireadh chun cinn thar ceann na n-oibrithe a ndearnadh na héilimh thar a gceann.
Ina thaobh sin, ní mór a thabhairt chun solais go ndéanann an Chúirt breithniú ar gach díospóid a thagann faoina déin ar a fiúntais féin. Tá an Chúirt ar an eolas ar threochtaí i gcinntiúchán pá sa gheilleagar go ginearálta ach ní shocraíonn sí na treochtaí siúd. Lorgaíonn gach Moladh na Cúirte le dearcadh a léiriú go neamhchlaonta maidir leis an réiteach is cuí ar an díospóid san fhostaíocht ar leith a tháinig os comhair na Cúirte

## Athruithe ar Bhallraíocht na Cúirte

I rith 2017, d’fhág an Chúirt slán leis an Uasal Jerry Shanahan, a d’fhóin sa phost sin mar bhall den Chúirt ar feadh nach mór 7 mbliana. Bhí gairm bheatha ar leith ag Jerry i ngluaiseacht na gCeardchumann sular thosaigh sé ag oibriú leis an gCúirt in 2011, áit ar bhain sé leas as a thaithí go léir agus é ag cur go mór le hobair na Cúirte. Chomh maith leis sin, d’imigh Cláraitheoir na Cúirte, an tUasal Hugh O’Neill, ar scor óna phost. Bhí an oifig seo ag Hugh ó Eanáir 1999 ar aghaidh agus tá leagáid seirbhíse ar leith cruthaithe aige i gcaitheamh na tréimhse sin.

Rinne Leas-Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais den Uasal Louise O’Donnell in 2017 i ndiaidh di bheith ag fónamh roimhe seo mar chomhalta den Chúirt ó 2015.

In 2017, ceapadh an tUasal Katie Connolly, an tUasal Arthur Hall agus an tUasal Clare Treacy mar chomhaltaí na Cúirte.

## Buíochas

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'obair agus tiomantas chomhaltaí agus fhoireann na Cúirte Oibreachais. Leanann a dtiomantas do sheirbhís phoiblí agus a dtiomantas do thorthaí ardchaighdeáin a chinntiú go n-éiríonn leis an gCúirt Oibreachais lena sainordú a chomhlíonadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, ach go háirithe, le Ceann Riaracháin na Cúirte Oibreachais, Denis Hosford, a sholáthair tacaíocht agus treoir shaineolach dom chun gnóthaí riaracháin na Cúirte a bhainistiú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta dá tacaíocht leanúnach le hobair na Cúirte. Ina theannta sin, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh leis an Uasal Órlaigh Quinn, Ard-Rúnaí na Roinne agus leis an Uasal Clare Dunne, Ard-Rúnaí Cúnta atá freagrach as Rannán um Rialáil Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch na Roinne, agus leis an bhfoireann iomlán sa Rannán sin as a dtacaíocht leanúnach thar a bheith fiúntach i rith na bliana.

Kevin Foley
Cathaoirleach

Meitheamh 2018

## COMHALTAÍ NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2017

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | *Kevin Foley* |
| **Leas-Chathaoirligh** | *Caroline Jenkinson*<br>*Brendan Hayes*<br>*Alan Haugh*<br>*Louise O' Donnell (ceaptha in Iúil 2017)* |
| **Fostóir Comhaltaí** | *Peter Murphy*<br>*Sylvia Doyle*<br>*Gavin Marie*<br>*Katie Connolly (ceaptha in Eanáir 2017)* |
| **Comhaltaí Oibrí** | *Jerry Shanahan (imithe ar scor i Meán Fómhair 2017)*<br>*Linda Tanham*<br>*Andrew McCarthy*<br>*Arthur Hall (Ceaptha in Iúil 2017)*<br>*Clare Treacy (ceaptha i Meán Fómhair 2017)* |
| **Cláraitheoir** | *Hugh O'Neill (Imithe ar Scor i Meitheamh 2017)* |


## CEANNLÍNTE 2017

In 2017, fuair an Chúirt Oibreachais

- 1,093 atreorú
- Cuireadh 708 éisteacht ar siúl
- Eisíodh 530 Moladh / Cinntiúchán / Cinneadh / Ordú
- Imscrúdaíodh 152 cás a réitíodh roimh éisteacht nó ag éisteacht

Anuas air sin, d'aistarraing páirtithe 202 achomharc i rith 2017 roimh éisteacht. Bhí 141 cás breise ar feitheamh ag deireadh na bliana agus deimhníodh, ar atreorú, gur sháraigh 46 cás i rith na bliana na teorainneacha ama reachtúla chun cásanna a fháil.

### OBAIR NA CÚIRTE OIBREACHAIS IN 2017




Tagann an difríocht idir atreoruithe a fuarthas agus éisteachtaí a tionóladh chun solais mar gheall, in aon bhliain ar leith, go n-aistarraingeofar líon atreoruithe, go mbeidh siad ar feitheamh mar gheall nach bhfuil ar chumas na bpáirtithe comhaontú ar dháta le haghaidh éisteachta nó go bhfuarthas iad ró-dhéanach sa bhliain le héisteacht leo an bhliain sin.


### NÓTAÍ

De bhreis air sin, in 2017, thug an Chúirt Oibreachais a scrúdú chun críche ar Ordú Fostaíochta Earnála i ndiaidh iarratas a dhéanamh ar Cheardaithe, Oibrithe agus Printísigh Thógála san Earnáil Tógála, agus chuir sí a moladh faoi bhráid an Aire. Shínigh an tAire éifeacht leis an Ordú an 19 Deireadh Fómhair 2017. Thug an Chúirt Oibreachais, chomh maith, faoina scrúdú ar Ordú Fostaíochta Earnála san Earnáil Chonraitheoireachta Seirbhísí Foirgníochta agus Innealtóireachta Meicniúla, rinne sí a moladh leis an Aire agus shínigh an tAire éifeacht leis na Ordú an 6 Márta 2018. Rinneadh Ordú Rialaithe Fostaíochta amháin i dtaca leis an Tionscal Slándála an 30 Bealtaine 2017 agus cláraíodh Comhaontú Fostaíochta amháin i mBealtaine 2017 idir Freshways Food Co. agus SIPTU.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2015, ar aghaidh, má theipeann ar fhostóir tabhairt faoi chinneadh Oifigeach an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó faoi chinneadh na Cúirte Oibreachais a eascraíonn ó

achomharc Oifigeach Breithnithe, laistigh den am a fhorordaítear, féadtar iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar ordú a ordaíonn an fostóir/freagróir chun tabhairt faoin gcinneadh.

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR 2017




### CÁSANNA A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT IN 2017

Ar an iomlán, tháinig laghdú 2.5% ar atreoruithe a rinneadh leis an gCúirt Oibreachais in 2017 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (anuas ó 1,121 go dtí 1,093) agus tugadh athrú ní ba shuntasaí faoi deara i roinnt fochatagóirí d'atreoruithe.

B'ionann atreoruithe a rinneadh faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015 agus 35% de na hatreoruithe iomlána. Tá laghdú 20 atreorú, ar an iomlán, le tabhairt le fios san aicme atreoraithe seo anuas ó 402 in 2016 go dtí 382 in 2017.

B'ionann atreoruithe faoin reachtaíocht um Chearta Fostaíochta agus 65% de chásanna a tháinig chun na Cúirte, arb ionann sin agus laghdú 1% anuas ó 719 in 2016 go dtí 711 2017.

## **Próifíl Atreoruithe – de réir Catagóire**

| **Catagóir** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| *Caidreamh Tionsclaíoch* | **382** | **402** |
| *Cearta Fostaíochta* | **711** | **719** |
| *Dífhostú Éagórach* | *195* | *164* |
| *Comhionannas* | *111* | *109* |
| *Eagrú Ama Oibre* | *95* | *120* |
| *Íoc Pá* | *80* | *103* |
| *Téarmaí Fostaíochta* | *59* | *71* |
| *Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas* | *37* | *25* |
| *Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta* | *34* | *17* |
| *Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta* | *28* | *23* |
| *Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair* | *12* | *14* |
| *Iompar ar Bóthar* | *12* | *7* |
| *Obair Théarma Shocraithe* | *11* | *22* |
| *Pá Íosta Náisiúnta* | *11* | *12* |
| *An tAcht um Cheartas Coiriúil (Nochtadh Cosanta)* | *11* | *4* |
| *Fógra um Achomharc Comhlíonta* | *4* | *2* |
| *Obair Ghníomhaireachta Shealadach* | *3* | *1* |
| *Obair Pháirtaimseartha* | *2* | *8* |
| *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta)* | *2* | *2* |
| *Cosaint Máithreachais* | *1* | *4* |
| *Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí* | *1* | *2* |
| *Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)* | *1* | *0* |
| *Na hAchtanna Pinsean* | *1* | *0* |
| *Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe* | *0* | *2* |
| *Na hAchtanna Iomaíochta* | *0* | *2* |
| *Éileamh a rinne Oifigeach Breithnithe a Dhíbhe* | *0* | *2* |
| *An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú)* | *0* | *2* |
| *An tAcht um Cheartas Coiriúil* | *0* | *1* |
| *An tAcht Sláinte* | *0* | *0* |
| **Iomlán** | **1093** | **1,121** |

### *Próifíl Atreoruithe – de réir Foinse*

| Foinse | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Cásanna ina raibh baint ag an gCoimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre roimhe seo (iomlán) | 704 | 757 |
| • atreoruithe ón tSeirbhís Idir-Réitigh[1] | *155* | *150* |
| • achomhairc ó chinntí agus gearáin Oifigeach Breithnithe agus gearáin a rinneadh nár cuireadh cinntí i bhfeidhm[2] | *549* | *607* |
| Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe (Cásanna comhionannais) | 111 | 109 |
| Achomharc i gcoinne cinneadh Oifigeach Breithnithe (Cásanna um Dhífhostú Éagórach) | 195 | 164 |
| Atreoruithe díreacha[3] | 83 | 91 |
| **Iomlán** | **1093** | **1,121** |

1 Áirítear leis seo roinnt cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh gur eisigh an Chúirt Moladh. Chomh maith leis sin, áirítear leis atreoruithe faoi Alt 26 den Acht Caidrimh Thionscail, 1990, agus atreoruithe faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969 araon.

2 D'eascair an méadú ar an líon achomharc ó Oifigigh Bhreithnithe agus gearáin a rinneadh mar gheall nár cuireadh na cinntí i bhfeidhm go príomha i limistéir nua freagrachta don Chúirt Oibreachais faoi Íoc Pá, Téarmaí Fostaíochta agus Dífhostú Éagórach. Tugadh na limistéir nua freagrachta seo isteach san Acht Caidrimh Thionscail, 2015.

3 Áirítear leo seo atreoruithe faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, áit a gcomhaontaíonn an gearánaí nó an dá pháirtí roimh ré chun glacadh le Moladh na Cúirte; atreoruithe a rinneadh go díreach leis an gCúirt faoi Alt 26(5) den Acht Caidrimh Thionscail, 1990 nuair a dhéantar na cásanna a atreorú chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla; atreoruithe faoi Alt 2(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 2001 (arna leasú) nuair nach mbíonn nósanna imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm.

## PRÓIFÍL CHÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE – DE RÉIR CATAGÓIRE

| Catagóir | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Dífhostú Éagórach | 98 | 47 |
| Comhionannas | 53 | 49 |
| Eagrú Ama Oibre | 45 | 114 |
| Íoc Pá | 42 | 59 |
| Téarmaí Fostaíochta | 34 | 46 |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta | 22 | 4 |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta | 21 | 3 |
| Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas | 18 | 16 |
| Obair Théarma Sheasta | 7 | 15 |
| Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair | 7 | 11 |
| Nochtadh Cosanta | 5 | 3 |
| Iompar ar Bóthar | 3 | 8 |
| Obair Pháirtaimseartha | 3 | 5 |
| Pá Íosta Náisiúnta | 2 | 16 |
| Fógra um Achomharc Comhlíonta | 2 | 0 |
| An tAcht um Chosaint Mháithreachais | 1 | 3 |
| Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí | 1 | 0 |
| Faisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe | 1 | 2 |
| Obair Ghníomhaireachta Shealadach | 1 | 2 |
| An tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú) | 0 | 4 |
| Na hAchtanna Iomaíochta | 0 | 2 |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta) | 0 | 2 |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil | 0 | 1 |
| An tAcht Pinsean | 0 | 1 |
| An tAcht Sláinte | 0 | 0 |
| Caidreamh Tionsclaíoch | 316 | 335 |
| **Iomláin*** | 682 | 748 |

* De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe 202 cás i rith 2017 i gcomparáid le 175 in 2016. Bhí líon breise cásanna ar feitheamh nó á sceidealú ag deireadh na bliana.


***ÉISTEACHTAÍ IN 2017***

*Líon na nÉisteachtaí*

*Chuir an chúirt líon iomlán 708 éisteacht, ar an iomlán, ar bun in 2017, i gcomparáid le 707 in 2016. Ar mhaithe leis an héisteachtaí seo, shocraigh an Chúirt suí ag 12 láthair, ar an iomlán.*

*Bunúis na gCásanna ar Éisteadh leo in 2017*


*Léirítear sa mhéid seo a leanas bunúis na gcásanna ar éist an Chúirt leo in 2017, bunaithe ar sheoladh an fhostóra:*



# CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH IN 2017

## *CÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT AGUS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

Tháinig laghdú 5% ar an líon atreoruithe a fuarthas faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2015 in 2017 i gcomparáid le 2016.  Ba bheag athrú a tháinig ar fhormhór na gcatagóirí bliain i ndiaidh bliana.




Tagann an difríocht idir atreoruithe a fuarthas agus cásanna a tugadh chun críche chun solais mar gheall, in aon bhliain ar leith, go n-aistarraingeofar líon atreoruithe, go mbeidh siad ar feitheamh mar gheall nach bhfuil ar chumas na bpáirtithe comhaontú ar dháta le haghaidh éisteachta nó go bhfuarthas iad ró-dhéanach sa bhliain le héisteacht leo an bhliain sin.

### *PRÓIFÍL NA GCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH A FUARTHAS*

| Foinse | 2017 | 2016 | Difríocht |
|---|---|---|---|
| Atreoruithe ón CCÁO (idir-réiteach)* | 154 | 145 | 9 |
| Achomhairc ar Mholtaí Oifigigh Bhreithnithe | 144 | 161 | -17 |
| Atreorú díreach – réamhghlacadh le Moladh | 83 | 91 | -8 |
| Atreorú díreach, nuair nach mbíonn aon nósanna imeachta imeachta idirbheartaíochta i bhfeidhm | 1 | 4 | -3 |
| Cás a atreoraíodh chuig an gCúirt faoi chúinsí eisceachtúla | 0 | 1 | -1 |
| **Iomlán** | **382** | **402** | **-20** |

* Áirítear leis seo roinnt cásanna inar fhill na páirtithe ar an gCúirt i ndiaidh gur eisíodh Moladh.

## ***ACHOMHAIRC I GCÁSANNA CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH***

Moltaí Oifigigh Bhreithnithe i gcásanna caidrimh thionsclaíoch a achomharc leis an gCúirt Oibreachais ag ceachtar páirtí le díospóid. As na 116 cás a tugadh chun críche, rinneadh 14 chás, ar an iomlán, a réiteach roimh nó ag éisteacht na Cúirte Oibreachais. Baineann an fhaisnéis seo a leanas leis na 102 achomharc eile inar eisigh an Chúirt moladh.

### *FOINSÍ ACHOMHAIRC CHAIDRIMH THIONSCLAÍOCH*

| **Achomharc déanta ag** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Oibrí | 63 | 46 |
| Fostóir | 38 | 23 |
| An dá thaobh | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **102** | **70** |

### *TORADH NA NACHOMHARC CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH*

| **Toradh an Achomhairc** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le moladh an Oifigigh Bhreithnithe | 42 | 26 |
| Rinneadh moladh an Oifigigh Bhreithnithe a éagsúlú/a athrú | 31 | 26 |
| Rinneadh moladh an Oifigigh Bhreithnithe a chealú | 29 | 18 |
| **Iomlán** | **102** | **70** |

De bhreis air sin, d’aistarraing páirtithe 26 cás i rith 2017.

## CÁSANNA MAIDIR LE DÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH IN 2017

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1997 go 2017 cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;

***CÁSANNA UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT IN 2017***

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 195 | 164 |
| | | |
| **Iomlán** | **195** | **164** |

***CÁSANNA UM DHÍFHOSTÚ ÉAGÓRACH A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2017***

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 98 | 47 |
| | | |
| **Iomlán** | **98** | **47** |

**TAGANN AN DIFRÍOCHT IDIR ATREORUITHE A FUARTHAS AGUS CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE CHUN SOLAIS MAR GHEALL, IN AON BHLIAIN AR LEITH, GO nAISTARRAINGEOFAR LÍON ATREORUITHE, GO mBEIDH SIAD AR FEITHEAMH MAR GHEALL NACH bhFUIL AR CHUMAS NA bPÁIRTITHE COMHAONTÚ AR DHÁTA LE hAGHAIDH ÉISTEACHTA NÓ GO bhFUARTHAS IAD RÓ-DHÉANACH SA BHLIAIN LE hÉISTEACHT LEO AN BHLIAIN SIN.**

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE - FOINSE AGUS TORADH*

As na 98 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 37 ceann ag éisteacht nó roimh éisteacht. Níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 61 cás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 26 | 7 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 34 | 31 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **61** | **38** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 24 | 16 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 16 | 11 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 21 | 11 |
| **Iomlán** | **61** | **38** |

De bhreis air sin, d’aistarraing páirtithe 49 cás i rith 2017.

## CÁSANNA COMHIONANNAIS IN 2017

### *CÁSANNA UM EAGRÚ AMA OIBRE A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT*

#### *LÍON NA NATREORUITHE COMHIONANNAIS*

| Catagóir | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Achomharc ar chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 101 | 103 |
| Achomharc ar chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe maidir le teorainn ama | 10 | 6 |
| **Iomlán** | **111** | **109** |

#### *FORAIS IDIRDHEALAITHEACHA A LUADH IN ACHOMHAIRC CHOMHIONANNAIS A ATREORAÍODH*

Sna 111 achomharc faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2012, luadh seacht gcinn de na naoi bhforas idirdhealaitheacha dá bhforáiltear faoin reachtaíocht. Luadh breis agus foras amháin i líon cásanna.

### *CÁSANNA COMHIONANNAIS A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

#### *FOINSE AGUS TORADH NA GCÁSANNA ACHOMHAIRC*

**TAGANN AN DIFRÍOCHT IDIR ATREORUITHE A FUARTHAS AGUS CÁSANNA A TUGADH CHUN CRÍCHE CHUN SOLAIS MAR GHEALL, IN AON BHLIAIN AR LEITH, GO NAISTARRAINGEOFAR LÍON ATREORUITHE, GO MBEIDH SIAD AR FEITHEAMH MAR GHEALL NACH BHFUIL AR CHUMAS NA BPÁIRTITHE COMHAONTÚ AR DHÁTA LE HAGHAIDH ÉISTEACHTA NÓ GO BHFUARTHAS IAD RÓ-DHÉANACH SA BHLIAIN LE HÉISTEACHT LEO AN BHLIAIN SIN**

As na 53 cás achomhairc chomhionannais a thug an chúirt chun críche, réitíodh 18 gcinn ag éisteacht nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Léiríonn an méid seo a leanas foinse agus toradh na n-achomharc sna 35 cás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán:

| *Foinse na nAchomharc* | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Oibrí | 25 | 28 |
| Fostóir | 9 | 9 |
| An dá thaobh | 1 | |
| **Iomlán** | **35** | **37** |

| *Toradh na nAchomharc* | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 18 | 17 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 7 | 7 |
| Athraíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 10 | 13 |

| | | |
|---|---|---|
| **Iomlán** | **35** | **37** |

De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe 24 cás i rith 2017.
**Is féidir téacs gach cinn de na Cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM EAGRÚ AMA OIBRE IN 2017

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997:

- comhaontuithe comhchoiteanna faoin Acht a cheadú agus a chlárú
- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht

### *CÁSANNA UM EAGRÚ AMA OIBRE A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT*

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 86 | 85 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 9 | 35 |
| **Iomlán** | **95** | **120** |

### *CÁSANNA EILE UM EAGRÚ AMA OIBRE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 42 | 69 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 3 | 45 |
| **Iomlán** | **45** | **114** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche - Foinse agus Toradh*

As na 45 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 16 chinn ag éisteacht nó roimh éisteacht. Níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 29 cás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 8 | 12 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 19 | 30 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **29** | **42** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 14 | 17 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 11 | 20 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 4 | 5 |
| **Iomlán** | **29** | **42** |

De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe 18 gcás i rith 2017.

**Is féidir téacs gach cinn de na Cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte** *www.workplacerelations.ie*

## ***COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA***

### *Faomhadh in 2017*

In 2017, ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratais ar chomhaontú comhchoiteann faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

# CÁSANNA UM THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA IN 2017

***FEIDHMEANNA NA CÚIRTE***

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1994 go 2012:-

- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;

***CÁSANNA UM THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT***

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 59 | 71 |
| **Iomlán** | **59** | **71** |

***CÁSANNA UM THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE***

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 34 | 46 |
| **Iomlán** | **34** | **46** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE - FOINSE AGUS TORADH*

As na 34 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 5 cinn ag éisteacht nó roimh éisteacht. Níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 29 cás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 4 | 12 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 23 | 20 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 2 | 0 |
| **Iomlán** | **29** | **32** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 17 | 16 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 6 | 8 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 6 | 8 |
| **Iomlán** | **29** | **32** |

De bhreis air sin, d’aistarraing páirtithe 11 chás i rith 2017.

# CÁSANNA UM ÍOC PÁ IN 2017

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Íoc Pá, 1991:-

- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;

### *CÁSANNA UM ÍOC PÁ A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT*

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 80 | 103 |
| **Iomlán** | **80** | **103** |

### *CÁSANNA UM ÍOC PÁ A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE*

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 42 | 59 |
| **Iomlán** | **42** | **59** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE - FOINSE AGUS TORADH*

As na 42 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 11 cheann ag éisteacht nó roimh éisteacht.  Níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 31 cás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 15 | 10 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 15 | 27 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **31** | **37** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 13 | 21 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 9 | 3 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 9 | 13 |
| **Iomlán** | **31** | **37** |

De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe 13 chás i rith 2017.

## ***CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR THÉARMA SHOCRAITHE) IN 2017***

### ***FEIDHMEANNA NA CÚIRTE***

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003:-

- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht.

### ***CÁSANNA UM OBAIR THÉARMA SHOCRAITHE A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT***

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 11 | 20 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 0 | 2 |
| **Iomlán** | **11** | **22** |

### ***CÁSANNA UM OBAIR THÉARMA SHOCRAITHE A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE***

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 7 | 12 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 0 | 3 |
| **Iomlán** | **7** | **15** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE - FOINSE AGUS TORADH*

As na 7 n-achomharc a thug an Chúirt chun críche, réitíodh 2 cheann ag éisteacht nó roimh éisteacht. Níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sa 2 chás siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 5 chás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| **Foinse na nAchomharc** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 1 | 1 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 4 | 9 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **5** | **10** |

| **Toradh na nAchomharc** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 3 | 5 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 0 | 1 |
| Cuireadh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe ar ceal | 2 | 4 |
| **Iomlán** | **5** | **10** |

De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe cás amháin i rith 2017.

**Is féidir téacs gach cinn de na cásanna inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR IN 2017

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005:-

- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht.

### *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT*

| *Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas* | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 11 | 13 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **12** | **14** |

### *CÁSANNA UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR A TUGADH CHUN CRÍCHE AG AN GCÚIRT*

| *Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire* | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 6 | 11 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **7** | **11** |

### *ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE - FOINSE AGUS TORADH*

As na 7 n-achomharc a tugadh chun críche, réitíodh 1 cheann ag éisteacht nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 6 chás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2016** | **2017** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 0 | 0 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 6 | 3 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 0 | 3 |
| **Iomlán** | **6** | **6** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 1 | 6 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 0 | 0 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 5 | 0 |
| **Iomlán** | **6** | **6** |

De bhreis air sin, d'aistarraing páirtithe cás amháin i rith 2017.

**Is féidir téacs gach cinn de na hachomharc inar eisigh an Chúirt Cinntiúcháin a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA NÁISIÚNTA IN 2017

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000:-

- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht nó nár comhlíonadh iad go hiomlán;
- cinneadh a dhéanamh faoi iarratais ar dhíolúine (sealadach) ón oibleagáid chun a dteidlíochtaí a íoc le fostaithe faoin Acht.

### *ATREORUITHE MAIDIR LE PÁ ÍOSTA A FUARTHAS*

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 11 | 6 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 0 | 6 |
| **Iomlán** | **11** | **12** |

### *CÁSANNA UM PÁ ÍOSTA A TUGADH CHUN CRÍCHE DE RÉIR CÚIRTE IN 2015*

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 2 | 8 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 0 | 8 |
| **Iomlán** | **2** | **16** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche - Foinse agus Toradh*

Baineann an fhaisnéis thíos leis na 2 chás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 0 | 1 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 2 | 5 |
| **Iomlán** | **2** | **6** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 2 | 3 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 0 | 3 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **2** | **6** |

**Is féidir téacs gach cinn de na Cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

## CÁSANNA UM CHOSAINT FOSTAITHE (OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA) IN 2017

### *FEIDHMEANNA NA CÚIRTE*

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001:-

- chun comhaontuithe comhchoiteanna a fhaomhadh faoin Acht maidir le fostaithe ócáideach páirtaimseartha;
- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;
- cinneadh a dhéanamh faoi ghearáin nár cuireadh cinntí Oifigigh Bhreithnithe i bhfeidhm faoin Acht.

### *COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA*

Ní bhfuair an Chúirt Oibreachais aon iarratas ar chomhaontú comhchoiteann a fhaomhadh faoin Acht seo in 2017.

### *CÁSANNA OIBRE PÁIRTAIMSEARTHA A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT IN 2016*

| *Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas* | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 2 | 8 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **2** | **8** |

### *CÁSANNA UM OBAIR PHÁIRTAIMSEARTHA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE IN 2016*

| *Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire* | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 3 | 4 |
| Gearán nár cuireadh cinneadh Oifigeach Breithnithe i bhfeidhm | 0 | 1 |
| **Iomlán** | **3** | **5** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche - Foinse agus Toradh*

As na 3 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 16 chinn ag éisteacht nó roimh éisteacht. Dhiúltaigh an Chúirt dlínse i gceann ar bith de na cásanna. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 3 chás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Achomharc ag Fostóir | 0 | 0 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 3 | 1 |
| **Iomlán** | **3** | **1** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---:|---:|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 2 | 1 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 0 | 0 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **3** | **1** |

**Is féidir téacs gach cinn de na Cinntiúcháin seo a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte** www.workplacerelations.ie

# CÁSANNA MAIDIR LE hÍOCAÍOCHT IOMARCAÍOCHTA IN 2017

***FEIDHMEANNA NA CÚIRTE***

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoin Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1964-2014:-

- cinneadh a dhéanamh faoi Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;

***CÁSANNA UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT***

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 34 | 17 |
| **Iomlán** | **34** | **17** |

***CÁSANNA UM ÍOCAÍOCHTAÍ IOMARCAÍOCHTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE***

| ***Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagóire*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe | 22 | 4 |
| **Iomlán** | **22** | **4** |

### *Achomhairc a Tugadh chun Críche - Foinse agus Toradh*

As na 22 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 6 cinn ag éisteacht nó roimh éisteacht agus níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 15 cás eile inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomharc ag Fostóir | 6 | 4 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 10 | 0 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **16** | **4** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 7 | 4 |
| Athraíodh/leasaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 0 | 0 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 9 | 0 |
| **Iomlán** | **16** | **4** |

De bhreis air sin, d’aistarraing páirtithe 11 chás i rith 2017.

# CÁSANNA FÓGRA ÍOSTA AGUS TÉARMAÍ FÓSTAÍOCHTA IN 2017

***FEIDHMEANNA NA CÚIRTE***

Is iad feidhmeanna na Cúirte Oibreachais faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta 1973 go 2005:-

- cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc ar chinntí Oifigigh Bhreithnithe faoin Acht;

***CÁSANNA FÓGRA ÍOSTA AGUS TÉARMAÍ FÓSTAÍOCHTA A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT***

| *Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe a Fuarthas* | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Breithnithe | 28 | 23 |
| **Iomlán** | **28** | **23** |

***CÁSANNA FÓGRA ÍOSTA AGUS TÉARMAÍ FÓSTAÍOCHTA A THUG AN CHÚIRT CHUN CRÍCHE***

| *Líon na gCásanna a Tugadh chun Críche de réir Catagoire* | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomhairc ar chinntí Oifigigh Breithnithe | 21 | 3 |
| **Iomlán** | **21** | **3** |

***ACHOMHAIRC A TUGADH CHUN CRÍCHE - FOINSE AGUS TORADH***

As na 21 achomharc a tugadh chun críche in 2017, réitíodh 10 ag éisteacht nó roimh éisteacht agus dá bhrí sin, níor eisigh an Chúirt, ar an ábhar sin, Cinntiúchán sna cásanna siúd. Dhiúltaigh an Chúirt dlínse in cheann amháin de na cásanna. Baineann an fhaisnéis thíos leis na 10 chás inar eisigh an Chúirt Cinntiúchán.

| ***Foinse na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Achomharc ag an bhFostóir | 3 | 1 |
| Achomharc ag Oibrí/Oibrithe | 8 | 2 |
| Achomharc ag an Dá Thaobh | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **11** | **3** |

| ***Toradh na nAchomharc*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| Seasadh le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe | 5 | 1 |
| Athraíodh/Leasaíodh cinneadh an Oifigeach Breithiúna | 1 | 0 |
| Cealaíodh cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe. | 4 | 0 |
| **Iomlán** | **10** | **1** |

Ina theannta sin, tarraingíodh siar 5 chás ag páirtithe i rith 2017.

*CÁSANNA ACHOMHAIRC EILE A ATREORAÍODH CHUIG AN GCÚIRT IN 2017*

| ***Líon agus Catagóirí na nAtreoruithe*** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
